Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

Seicliosta Freagartha i leith Fuaimeanna - Do leanbh

Tugann an liosta seo agus an Seicliosta i leith na Fuaimeanna a Dhéantar (thar an leathanach) nodanna duit faoi na rudaí ar chóir duit súil a choinneál orthu ar mhaithe le cumas éisteachta do pháiste a mheas de réir mar a théann sé/sí in aois. Bíonn éagsúlacht mhór sa mhéid ar féidir le leanaí a dhéanamh ag aois ar bith.

Úsáidtear na haoiseanna a luaitear thíos ach amháin chun treoir ginearálta a thabhairt.

Naíonán Nuabheirthe:

D'fhéadfaí geit a bhaint as leanbh le torann ard ar nós bos na láimhe a bhualadh nó doras a dhúnadh go tapaidh.Tar éis fuaimeanna mar seo a chloisteáil d'fhéadfadh an leanbh na súile a oscailt go leathan nó caochaíl súile a dhéanamh nó stop as bheith ag diúl nó tosnú ag gol.

Mí amháin - An leanbh:

Tosaíonn an leanbh ag tabhairt faoi deara fuaimeanna a thosaíonn go tobann ach a mhaireann ar feadh píosa agus d'fhéadfadh an leanbh casadh i dtreo na fuaime; mar shampla an fhuaim a dhéanann folúsghlantóir. Stopann agus éisteann an leanbh leis na fuaimeanna nuair a thosaíonn siad.

Ceithre mhí - an leanbh:

Ciúiníonn an leanbh nó déanann siad mionghaire nuair a chloiseann siad guth atá ar eolas acu. Déantar é seo fiú amháin sa chás nach bhfuil an leanbh in ann an duine atá ag labhairt a fheiceáil. Ansin casann an leanbh na súile agus na cluasa sa treo as a bhfuil an guth ag teacht. Bíonn floscadh le feiceáil tar éis fuaimeanna a chloisteáil (mar shampla:guthanna, coiscéimeanna, srl.)



Seacht mí - an leanbh:

Casann an leanbh go díreach i dtreo an ghutha atá ar eolas acu ar an taobh eile den seomra nó i dtreo fuaimeanna atá an-chiúin in aice leo ar an dá thaobh (mura bhfuil siad ró-ghafa le rudaí eile)

Naoi mí - an leanbh:

Éisteann siad go cúramach le gnáth-fhuaimeanna laethúla agus cuardaíonn siad i gcóir fuaimeanna atá an-chiúin a mbíonn taobh amuigh dá líne amhairc.

Aon bhliain d'aois - an leanbh:

Léiritear freagairt áirithe tar éis a ainm féin a chloisteáil. If féidir leis an leanbh freagairt a dhéanamh le frása ar nós 'níl' nó 'slán' fiú amháin nuair nach mbíonn aon chomhartha láimhe nó eile le feiceáil chun an brí atá le seo a chur in iúl.